

Conas is féidir liom rochtain a fháil ar thacaíochtaí AIM?

Beidh soláthraithe seirbhíse agus tuismitheoirí/caomhnóirí in ann iarratais a chur isteach le haghaidh tacaíochtaí AIM ó Mheitheamh 2016 chun cead a thabhairt dóibh pleanáil don rollú réamhscoile i Meán Fómhair 2016 agus ina dhiaidh sin. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfanfaidh iarratais ar oscailt ar feadh na bliana, cé, i gcás leanaí atá faoi mhíchumas níos casta, tugtar spreagadh do thuismitheoirí agus do sholáthraithe iarratas a dhéanamh go luath.

Tacaíochtaí Uilíocha (Leibhéal 1–3 den tSamhail Rochtana agus Chuimsithe)

Féadfaidh Cleachtóirí Luathbhlianta cur isteach ar an gclár nua ardoideachais, “Ceannaireacht maidir le Cuimsiú sna Luathbhlianta”, nó LINC, ag www.lincprogramme.ie.

Déanfar cláir náisiúnta oiliúna maidir leis na Treoirínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Chuimsithe, chomh maith le i ndáil le míchumas agus cuimsiú níos ginearálta, a fhógairt ar láithreán gréasáin tiomnaithe AIM, www.preschoolaccess.ie, agus ar láithreán ghréasáin na gCoistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae go léir. Beidh soláthraithe seirbhíse agus cleachtóirí in ann iarratas a dhéanamh ar áiteanna ar na cláir oiliúna seo via a gCoiste Cúram Leanaí Cathrach nó Contae áitiúil.

Tacaíochtaí Spriocdhírthe (Leibhéal 4–7 den tSamhail Rochtana agus Chuimsithe)

Is féidir comhairle agus tacaíocht ón tSeirbhís Speisialaithe Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) a rochtain ar an nguthán (01 511 7222), trí ríomhphost (Onlinesupport@pobal.ie) nó tríd an bhfoirm iarratais AIM ar líne ag www.pobal.ie. Ní gá an fhoirm seo a chomhlánú ach uair amháin chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí thar leibhéal 4, 5, 6 nó 7.

Chun iarratas a dhéanamh ar threalamh speisialaithe, fearais nó deontas le haghaidh athruithe beaga, ní mór do sholáthraithe seirbhísí, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí, an chuid iomchuí den fhoirm iarratais ar líne réamhluaite a chomhlánú.

Chun iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí teiripe nó caipitíochta breise chun tacaíocht bhreise sa seomra ranga a mhaoiniú ní mór do sholáthraithe seirbhísí, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí, an fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú ar www.pobal.ie, lena n-áirítear an chuid a bhaineann le Rochtain agus Cuimsiú den fhoirm. Meastar nach dteastóidh caipitíocht bhreise Leibhéal 7 ach ó idir 1 agus 1.5% de leanaí atá rannpháirteach in COLÓ, agus go mbeidh siad i dteideal an chaipitíochta seo a fháil, dá bharr.

Ar deireadh, cé go bhfuil na Samhla Rochtana agus Chuimsithe á dtabhairt isteach ó Mheitheamh 2016, glacfaidh sé tamall sula mbeidh siad i bhfeidhm go hiomlán mar gheall ar an ngá atá le forbairt acmhainní ar fud na hearnála.

Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Is féidir eolas níos mionsonraithe ar AIM a fháil ag www.preschoolaccess.ie. Beidh do CCC áitiúil in ann tuilleadh eolais agus treorach a thabhairt chomh maith.



An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Meitheamh 2016




Cad é AIM?

Is samhail tacaíochtaí é Tús Níos Fearr, an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM) atá deartha lena chinntiú gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE). Is é an aidhm atá aici ná cur ar chumas soláthraithe seirbhísí taithí réamhscolaíochta uileghabhálach a sheachadadh, ag cinntiú gur féidir le gach leanbh a bheith páirteach go hiomlán sa chlár ECCE agus tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le cúram agus oideachas luath-óige ardchaighdeán.

Is samhail leanbhlanach í AIM, ina bhfuil seacht leibhéal tacaíochta comhleanúnaí, ag gluaiseacht ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírthe, bunaithe ar riachtanais an linbh agus ar an soláthraí seirbhíse. I gcás go leor leanaí, beidh na tacaíochtaí uilíocha arna soláthar faoin tsamhail leordhóthanach. I gcás leanaí eile, d'fhéadfadh tacaíocht scoite ar leith amháin a bheith ag teastáil chun rannpháirtíocht sa réamhscoil a chumasú, mar rochtain ar phíosa trealamh speisialaithe. I gcás líon beag leanaí, d'fhéadfadh go mbeadh gá le sraith seirbhísí agus tacaíochtaí éagsúla. I bhfocail le, tá an tsamhail deartha le bheith freagrach do riachtanais gach linbh ar leith i gcomhthéacs a suímh réamhscolaíochta. Soláthróidh sí tacaíochtaí oiriúnaithe, praiticiúla bunaithe ar riachtanais agus ní bheidh gá le diagnóis fhoirimiúil mhíchumais.

Cad iad na tacaíochtaí a sholáthraítear faoi AIM?

Soláthraíonn AIM sraith tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírthe ar fud 7 leibhéal.



Tacaíochtaí Uilíocha (Leibhéal 1–3 den tSamhail Rochtana agus Chuimsithe)

Tá tacaíochtaí uilíocha dearth chun cultúr tacaíochta agus cuimsithe a chur chun cinn laistigh de shuíomhanna réamhscoile trí éagsúlacht tionscadal oideachais agus tógála inniúlachta. Go sonrach:

- » Tá **Cairt Chuimsithe** nua forbartha don earnáil luathbhlianta. Tugtar cuireadh do sholáthraithe seirbhíse clárú leis an gCairt seo trína mBeartas Cuimsithe féin a tháirgeadh agus a fhoilsiú. Chun tacú leis an bpróiseas sin tá **Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe** nuashonraithe maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige á dtáirgeadh (ar fáil ag www.preschoolaccess.ie) agus beidh clár oiliúna náisiúnta maidir leis an gCairt Chuimsithe agus leis na treoirlínte á sheachadadh ag Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae.

- » Cuirfear tús le **Clár ardoideachais nua**, “Ceannaireacht maidir le Cuimsiú sna Luathbhlianta” i Meán Fómhair 2016. Déanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniú le haghaidh suas le 900 áit in aghaidh na bliana ar an gclár seo. Beidh céimithe ón gclár in ann ról ceannaireachta nua a ghlacadh mar Chomhordaitheoir Cuimsithe laistigh dá suíomh réamhscolaíochta a mheallfaidh méadú €2 an páiste in aghaidh na seachtaine ar ráta caipitíochta ECCE iníochta leis an suíomh sin.
- » Ar deireadh, beidh **clár leathan ilbhliantúil d’oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil** do chomhaltaí foirne réamhscoile i ndáil le míchumas agus cuimsiú maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus is iad na Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae a sheachadfaidh é i gcomhar le FSS agus gníomhaireachtaí eile.

Tacaíochtaí Spriocdhírthe (Leibhéal 4–7 den tSamhail Rochtana agus Chuimsithe)

Deimhníodh go bhfuil na tacaíochtaí ag leibhéal 1 go dtí 3, nuair a forbraíodh iad go cuí, leordhóthanach go hidirnáisiúnta chun tacú le go leor leanaí faoi mhíchumas. Sa chás ina measann soláthraí seirbhíse, áfach, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoir/caomhnóir, go bhféadfadh go mbeadh gá le tuilleadh tacaíocht bhreise chun freastal ar riachtanais linbh ar leith, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na tacaíochtaí spriocdhírthe seo a leanas:

- » Tá **sainchomhairle**, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil ó fhoireann 50 speisialtóirí i gcúram agus oideachas luathbhlianta do leanaí atá faoi mhíchumas. Tá na saineolaithe sin, ar a dtugtar Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) bunaithe i Tús Níos Fearr, an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cháilíocht na Luathbhlianta.
- » Tá scéim ar fáil do **threalamh speisialaithe, fearais agus deontais i leith mionathruithe tógála** a sholáthar atá riachtanach chun tacú le rannpháirtíocht an linbh sa chlár ECCE.
- » Tá **seirbhísí teiripe**, atá rithábachtach do rannpháirtíocht linbh sa chlár ECCE, ar fáil tríd an tsamhail agus cuirfidh FSS ar fáil iad.
- » Ar deireadh, i gcás nach bhfuil na tacaíochtaí thuas leordhóthanach chun freastal ar riachtanais an linbh, féadfaidh soláthraithe seirbhíse, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóir, cur isteach ar **chaitíocht bhreise** chun tacaíocht bhreise a mhaoiniú sa seomra ranga nó chun laghdú an chóimheasa foireann: leanaí a chumasú.